



Oifig an Ard-Aighne  
Office of the Attorney General

## Creat Rialachais Chorparáidigh



# Clár

## Caibidil 1

### Forléargas ar Oifig an Ard-Aighne

4

1.1 Ráiteas Misin

1.2 Fís

1.3 Ról Bunreachtúil an Ard-Aighne

1.4 Eagraíocht agus Struchtúr

1.5 Ról na hOifige

1.6 Luachanna agus Cultúr

1.7 Ráiteas Straitéise

1.8 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

1.9 Cumarsáid Inmheánach

1.10 Athbhreithniú maidir le hÉifeachtacht an Chreata Rialachais

## Caibidil 2

### Róil agus Freagrachtaí na hArdbhainistíochta

11

2.1 An tArd-Aighne

2.2 An tArd-Stiúrthóir

2.3 An Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte

2.4 Feidhmeanna a Shannadh

2.5 Feidhmeanna agus Freagrachtaí Rúnaithe Cúnta agus Príomhoifigigh

2.6 An Comhairleoir Speisialta

2.7 Ról Rialachais na Foirne ar fad

## Caibidil 3

### Struchtúir Bhainistíochta

16

- 3.1 Coiste Bainistíochta Oifig an Ard-Aighne
- 3.2 Coistí Bainistíochta Eile
- 3.3 Ról Trasearnála

## Caibidil 4

### Socruithe maidir le hIniúchadh, Dearbhú agus Comhlíonadh 19

- 4.1 An tOifigeach Cuntasaíochta
- 4.2 Socruithe maidir le Dearbhú Bainistíochta
- 4.3 Iniúchadh an Choiste Bainistíochta
- 4.4 Soláthar Rialtais
- 4.5 An Comhchoiste um Bainistíocht Riosca
- 4.6 An Comhbheartas um Bainistíocht Riosca
- 4.7 Iniúchadh Inmheánach
- 4.8 An Coiste Iniúcháireachta
- 4.9 Ráiteas Dearbhaithe
- 4.10 Bearta a glacadh chun Éifeachtúlacht a Chinntiú agus a Choinneáil
- 4.11 An Creat maidir le Comhlíonadh
- 4.12 An Fheidhm Bainistíochta Airgeadais Inmheánaí

## Caibidil 5

28

### An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

- 5.1 Cúlra
- 5.2 Maoiniú agus Rialú
- 5.3 Iniúchadh Bliantúil
- 5.4 An Coiste Iniúcháireachta
- 5.5 Comhaontú Seirbhíse
- 5.6 Ceapacháin

# Caibidil 1

## Forléargas ar Oifig an Ard-Aighne

Cuspóir na caibidle seo is ea forléargas a thabhairt ar mhisean, ar ardbhainistíocht agus ar struchtúir eagraíochta na hOifige agus achoimre ghairid a thabhairt ar an bpróiseas straitéiseach agus pleanála gnó mar aon le croíluchanna na hOifige.

### 1.1 Ráiteas Misin

Is é misean Oifig an Ard-Aighne seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna Stáit agus d'Oifigí Rialtais ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir agus tacú le comhlíonadh riail an dlí.

### 1.2 Fís

Is é an fhís atá againn barr feabhais a spreagadh inár bhfoireann, a bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil le forbairtí dlí agus seirbhís dhosháraithe a chur ar fáil dár gcliaint.

### 1.3 Ról Bunreachtúil an Ard-Aighne

Bunaítear Oifig an Ard-Aighne le hAirteagal 30 den Bhunreacht. Is é an tArd-Aighne Príomhoifigeach Dlí an Stáit agus de réir Airteagal 30, tá sé ina chomhairleoir don Rialtas maidir le ceisteanna dlí agus tuairim dhlíthiúil. Leagtar amach a fheidhmeanna in Airteagal 30 agus sa reachtaíocht (go háirithe alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe, 1924), i gcoinbhinsiún bunreachtúil agus i ndlí-eolaíocht na gcúirteanna. Cuidíonn Abhcóide Comhairleach, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODP) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) leis an Ard-Aighne chun a ról bunreachtúil a chur i gcrích.

Áirítear le hOifig an Ard-Aighne Abhcóide Comhairleach, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODP) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS). Cuireann Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit seirbhísí dlíthíochta, comhairleacha agus idirbheartaíochta aturnae ar fáil do Ranna Stáit agus d'Oifigí Rialtais áirithe. Is é an Príomh-Aturnae Stáit an tOifigeach Cuntasaíochta agus ullmhaíonn an Oifig sin Creat Rialachais ar leith.

Ní bhaineann an doiciméad seo le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit ach amháin i gcás ina luaitear é sin go sonrath.

## 1.4 Eagraíocht agus Struchtúr

Is é an tArd-Stiúrthóir an Ceann riaracháin Oifige in Oifig an Ard-Aighne. Is é atá ina Oifigeach Cuntasaíochta d'Oifig an Ard-Aighne, (Abhcóide Comhairleach, ODP agus Seirbhísí Corparáideacha, seachas an OPAS).

Tá an tArd-Stiúrthóir i gceannas ar Abhcóide Comhairleach atá eagraithe i gcúig ghrúpa a bhfuil Abhcóide Comhairleach Grád 1 (atá comhionann le grád na Státseirbhíse do Rúnaí Cúnta) i gceannas ar gach aon cheann díobh. I ngach aon cheann de na grúpaí sin, tá idir cúigear agus seachtar dlíodóirí a bhfuil tacaíocht chléireachais acu agus díríonn siad go sonrath ar réimsí áirithe den dlí.

Is é an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte atá i gceannas ar Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas. Tá an ODP eagraithe i gceithre ghrúpa a bhfuil Dréachtóir Parlaiminte (atá comhionann le grád na Státseirbhíse do Rúnaí Cúnta) i gceannas ar gach aon cheann díobh. Ar an meán, cuimsítear i ngach grúpa seachtar dréachtóirí in éineacht le líon beag de bhaill foirne tacaíochta. Tá siad tiomanta do reachtaíocht a dhréachtú de réir orduithe ó Ranna Rialtais áirithe ar ina leith sin a bhfuil freagracht leagtha orthu ag an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte.

Tugann Seirbhísí Corparáideacha comhroinnte tacaíocht don Abhcóide Comhairleach agus d'Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas. Tá Príomhoifigeach i gceannas Seirbhísí Corparáideacha ina gcuimsítear sé aonad maidir le.

- Acmhainní Daonna;
- Teicneolaíocht Faisnéise;

- Airgeadas;
- Clárlann;
- Bainistiú Athruithe agus;
- Seirbhísí (Bainistiú saoráidí).

Chomh maith leis sin, tá Aonad Leabharlann agus Fios Gnó ag an Oifig atá faoi cheannas Bainisteoir Faisnéise ina gcuirtear seirbhísí taighde ar fáil mar aon le rochtain ar fhaisnéis dhlíthiúil.

## 1.5 Ról na hOifige

Tugann Oifig an Ard-Aighne cúnamh agus comhairle don Ard-Aighne maidir lena fheidhmeanna a chur i gcrích i ndáil le:

- Comhairle dlí a chur ar fáil don Rialtas, do Ranna Stáit agus d'oifigí Rialtais maidir le ceisteanna dlí agus tuairim dhlíthiúil;
- Billí, leasuithe ar Bhillí agus ionstraimí reachtúla a dhréachtú thar ceann an Rialtais agus thar ceann Airí Rialtais, lena n-áirítear rialacháin atá le déanamh faoi alt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach 1972 d'fhonn éifeacht a thabhairt d'oibleagáidí an Stáit don Aontas Eorpach;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát i ndlíthíocht i gCúirteanna na hÉireann, Cúirteanna na hEorpa, Binsí agus comhairle a thabhairt i ndáil le gach dlíthíocht a mbíonn tionchar aici ar an Stát;
- Ionchúisimh Airí a stiúradh nuair a ordaíonn Ranna Stáit nó Oifigí Rialtais a leithéid;

Tugtar faisnéis níos mionsonraithe maidir le ról na hOifige ar [láithreán gréasáin](#) na hOifige.

Mar gheall ar eolas institiúideach na hOifige, a saothraíodh le himeacht ama agus trína taithí de bheith i mbun oibre le Ranna Stáit agus Oifigí Rialtais, tá dearcadh ar leith ag an Oifig a chuireann ar a cumas tabhairt faoina misean ar bhealach uile-Rialtais.

Faigheann an Oifig maoiniú ó airgead arna cheadú ag an Oireachtas. Chomh maith leis sin, cuireann an Oifig deontas ar fáil chun an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a mhaoiniú, a bhfuil an ról atá aige leagtha amach san Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975 (féach Caibidil 5, lch. 28).

## 1.6 Luachanna agus Cultúr

Déantar obair aturnaetha na hOifige a chur i gcrích de réir na gcaighdeán gairmiúil dlí is airde agus déantar obair na n-oifigeach agus na n-atornaetha a chur i gcrích i gcomhréir leis na luachanna agus caighdeáin a bhaineann leis an Státseirbhís i gcoitinne. Tá an Oifig an-eolach ar an tábhacht a bhaineann le meas a bheith ar riail an dlí agus ar ról an Ard-Aighne maidir le cearta poiblí a chosaint. Go háirithe, tuigean an oifig go bhfuil an tArd-Aighne neamhspleách maidir lena ról a chomhlíonadh mar chosantóir an Bhunreatha agus mar chosantóir an leasa phoiblí. Tá croíluachanna maidir le hionracas, ardchaighdeán, neamhchlaontacht, meas agus gairmiúlacht mar bhonn agus mar thaca ag obair agus éiteas na hOifige.

### 1.6.1 Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse

Cuireann [An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí](#) Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse i dtoll a chéile. Tá an Cód ina chuid de théarmaí agus coinníollacha gach státseirbhíseach agus tá sé mar bhonn agus mar thaca ag na rialacha a bhaineann le go leor réimsí lena n-áirítear neamhchlaontacht agus rúndacht, státseirbhísigh agus polaitíocht, iompar ag an obair, tionchar a úsáid go míchuí, bronntanais, fáilteachas, íocaíocht a ghlacadh mar gheall ar obair agus ceapacháin lasmuigh den Státseirbhís.

Tugtar cóip den Chód do gach ball foirne a cheaptar san Oifig agus cuirtear aon leasuithe in iúl do na baill foirne ar fad. Is féidir teacht ar an gcód iomlán [anseo](#).

### 1.6.2 Eitic in Oifig Phoiblí

Foilsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí treoirínte faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 d'fhostaithe forordaithe sa tseirbhís phoiblí mar aon le sealbhóirí oifige (i.e. an tArd-Aighne, Airí, etc.) lena chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais na reachtaíochta. Cuirtear baill foirne ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu faoin reachtaíocht de réir mar is cuí.



### 1.6.3 Nochtadh Cosanta

Comhlíonann an Oifig na hoibleagáidí atá uirthi faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Tá nósanna imeachta bunaithe aici chun críocha alt 21(1) i ndáil le nochtuithe cosanta a bheith á ndéanamh ag oibrithe atá fostaithe nó a bhí fostaithe ag an Oifig agus chun déileáil le nochtuithe dá leithéid.

### 1.6.4 Brústocaireacht a Rialáil

Tháinig an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Tá liosta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe foilsithe ag an Oifig ar a láithreán gréasáin de réir mar a éilítear faoin Acht. Is féidir teacht ar an liosta [anseo](#).

### 1.6.5 Ceisteanna a ardaíonn an Pobal

Tá ról teoranta ag an Ard-Aighne maidir le ceisteanna a ardaíonn an pobal, maidir le hionchoisní nua faoin Acht Cróinéirí 1962, mar shampla, agus tá ról teoranta aige maidir le bearta insteora i gcás ina n-ardaíonn iarratasóir pointe leasa poiblí nach mbeadh seasamh dlí nó *locus standi* aige seachas sin maidir le ceist dlí a ardú roimh na cúirteanna. Ní chuireann an Oifig comhairle ar fáil do dhaoine den phobal.

Níl feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ach amháin i ndáil le ceisteanna a bhaineann riar ginearálta Oifig an Ard-Aighne. Chomh maith leis sin, déanann an Oifig sonraí a bhainistiú i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018.

## 1.7 Ráiteas Straitéise

Ullmhaítear an Ráiteas Straitéise i gcomhar leis an OPAS ag féachaint do Chlár an Rialtais i gcomhréir leis an Acht um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí 1997. Forbraíodh an Ráiteas Straitéise trí rannpháirtíocht spriocdhírith le Ranna cliant bharrthábhachtacha, i ndiaidh comhairliúchán inmheánach a chur i gcrích ar fud chomhchodanna na hOifige agus dianscrúdú a dhéanamh ar an timpeallacht dlí.



Is é an príomh-mhisean an Ráitis Straitéise seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, a Ranna agus d'Oifigí Rialtais ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir agus tacú le comhlíonadh riail an dlí.

Sa straitéis, aithnítear roinnt dúshlán bharrthábhachtacha a mbeidh tionchar acu ar ár dtimpeallacht oibriúcháin lena n-áirítear COVID-19, an Breatimeacht, an timpeallacht iomaíoch ina n-oibrímid agus na hoibleagáidí atá orainn mar thoradh ar ár mballraíocht san Aontas Eorpach. Aithnítear inti an gá a bheith solúbtha agus aclaí a dhóthain le go mbeidh an Oifig in ann gníomhú i leith na riachtanas reatha agus riachtanais sa todhchaí atá ag Ranna agus Oifigí Rialtais agus i leith athruithe sa timpeallacht sheachtrach. Is léiriú í ar ár ndúthracht chun cuir chuige nuálacha a ghlacadh maidir leis na riachtanais sin a bhaint amach nuair is cuí agus ár bhfoireann agus ár n-eagraíocht a fhorbairt. Ní mór don Oifig leanúint de bheith ag dul i ngleic leis an dúshlán chun baill foirne den chéad scoth a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil in áit mhargaidh atá thar a bheith iomaíoch. Chun na críche sin, tá saineolas nach beag forbartha ag an Oifig i gcaitheamh na mblianta agus leagtar tábhacht mhór ar an saineolas sin a fhorbairt i gcónaí.

Le linn shaolré an Ráitis Straitéise, déanfaidh an Oifig monatóireacht agus athbhreithniú córasach ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach.

## **1.8 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha**

Trí scrúdú a dhéanamh ar an timpeallacht sheachtrach agus trí dhlúthchaidreamh le Ranna Stáit agus Oifigí Rialtais, cuirtear straitéis na hOifige chun cinn maidir leis na seirbhísí dlí a theastaíonn uathu a chur ar fáil. I gCairt do Chliaint & Chustaiméirí na hOifige, leagtar amach na caighdeán ba cheart a bheith ag súil leo ón Oifig agus i mbun gnó le Ranna Stáit agus Oifigí Rialtais.

## **1.9 Cumarsáid Inmheánach**

Tá cumarsáid mhaith laistigh den Oifig ina gné ríthábhachtach. Spreagtar baill foirne chun páirt ghníomhach níos mó a ghlacadh maidir le forbairt leanúnach a dhéanamh ar chórais agus próisis d'fhonn riachtanais ghnó athraitheacha a bhaint amach.

Is trí bhealaí éagsúla a bhíonn cumarsáid inmheánach á déanamh, lena n-áirítear teorú ó bhainisteoirí, cruinnithe rialta Aonaid, an Choiste Comhpháirtíochta trína ndéantar ionadaíocht ar gach ball foirne agus a bhfuil sé mar fheidhm leis gníomhú mar Chomhairle Roinne na hOifige.

Tá faisnéis bharrthábhachtach na hOifige, lena n-áirítear miontuairiscí agus doiciméid chruinnithe choistí na hOifige ar nós an Choiste Bainistíochta, an MAC príomha agus Comhpháirtíocht ar fáil ar inlín na hOifige. Trí bheith ar fáil ar an inlín, tá sé níos éasca teacht ar fhaisnéis agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh uirthi lena chinntiú gur faisnéis reatha agus cothrom le dáta atá ar fáil.

## **1.10 Athbhreithniú maidir le hÉifeachtacht an Chreata Rialachais**

Tá bearta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar na struchtúir, córais agus rialuithe a leagtar amach sa chreat seo lena chinntiú go dtugtar tús áite do shaincheisteanna tábhachtacha agus go ndéanann pearsanra cuí iad a réiteach. Tríd an doiciméad creata seo, déantar na bearta seo a nascadh agus an coincheap maidir le Rialachas Corparáideach a leabú tuilleadh laistigh den Oifig. Cé go n-athbhreithnítear gach beart ar leith go rialta de réir mar is gá, tá an creat iomlán seo faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm i gcónaí. Féach Caibidil 4, lch. 19.

## Caibidil 2

### Róil agus Freagrachtaí na hArdbhainistíochta

Is é an cuspóir atá leis an gcaibidil seo forléargas a thabhairt ar róil agus freagrachtaí rialachais na ardbhainistíochta, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis an Ard-Aighne, an tArd-Stiúrthóir (agus Oifigeach Cuntasaíochta), an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus iad sin a bhfuil ról ardbhainistíochta acu laistigh den Oifig.

#### 2.1 An tArd-Aighne

Is é an tArd-Aighne comhairleoir dlí an Rialtais de bhua Airteagal 30.1 den Bhunreacht. Freastalaíonn an tArd-Aighne ar chruinnithe Rialtais agus cuireann sé comhairle ar fáil don Rialtas maidir leis na saincheisteanna bunreachta nó dlí a thagann chun cinn roimh chruinnithe Rialtais nó lena linn, lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann an reachtaíocht a mholtar forálacha an Bhunreachta, dlí an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin Eorpach um Chearta an Duine agus conarthaí idirnáisiúnta eile ar aontaigh Éire dóibh. Chomh maith leis sin, cuireann sé comhairle ar fáil maidir le cé acu ar féidir nó nach féidir leis an Stát conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta a dhaingniú i gcomhréir leis na ceanglais bhunreachta is infheidhme. Déanann an tArd-Aighne ionadaíocht ar an Stát in imeachtaí dlí a thugann an Stát nó a thugtar in aghaidh an Stáit, nó ag Airí Rialtais agus Gníomhaireachtaí áirithe eile de chuid an Stáit.

Tá an tArd-Aighne ina ionadaí ar an bpobal i ngach imeacht dlí maidir leis an dlí a fhorfheidhmiú agus cearta an phobail a dhearbhu agus a chosaint. Cosnaíonn sé bunreachtúlacht Billí a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí faoi Airteagal 26 den Bhunreacht. Tá sé ina chomhalta de bhrí oifige den Chomhairle Stáit a cheadaíonn an tUachtarán maidir le cumhachtaí agus feidhmeanna áirithe a fheidhmiú agus a chomhlíonadh faoin mBunreacht. Chomh maith leis sin, tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir le clársceidealú reachtaíochta mar chomhalta de Choiste Reachtaíochta an Rialtais a dhéanann Príomh-Aoire an Rialtais cathaoirleacht air agus maidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975 (féach Caibidil 5 lch. 28). Chomh maith leis sin, tá feidhm ag an Ard-Aighne faoin Acht Cróinéirí 1962 maidir leis an gcróinéir a ordú ionchoisne a réachtáil i gcás ina measann sé go bhfuil sé inmholta ionchoisne a réachtáil mar gheall ar na cúinsí a bhaineann le bás duine.

Chomh maith leis sin, tá roinnt feidhmeanna reachtúla teoranta aige e.g. mar a fhoráiltear dóibh san Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive 1962.

Is é an Taoiseach a láimhseálann cúrsaí riaracháin Oifig an Ard-Aighne i dTithe an Oireachtais. Tugann sé freagraí ar cheisteanna parlaiminte maidir le feidhmiú na hOifige agus tógann sé na Meastacháin.

## 2.2 An tArd-Stiúrthóir

Tá freagracht fhoriomlán ar an Ard-Stiúrthóir maidir le bainistiú a dhéanamh ar na seirbhísí dlí a chuireann an Oifig ar fáil. Leagtar amach na freagrachtaí sin san Acht Airí agus Rúnaithe 1924 arna leasú agus san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

D'fhéadfadh an tArd-Stiúrthóir, i gcomhréir le hAcht 1997, freagracht a leagan ar oifigigh maidir le feidhmeanna a chur i gcrích a bhfuil freagracht air ina leith. Is airsean atá an fhreagracht agus an chuntasacht ar deireadh as gníomhartha na hOifige, lena n-áirítear cur i gcrích na bhfeidhmeanna a leagtar ar an gcaoi sin. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach dó feidhmeanna eile a chur i gcrích thar ceann an Ard-Aighne nach luaitear in Acht 1997.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá freagracht phearsanta ar an Ard-Stiúrthóir as cistí agus maoin phoiblí atá faoina rialú a chosaint; as rialacht agus cuibheas na n-idirbheart ar fad i ngach Cuntas Leithreasa a bhfuil a shíniú leis; agus as éifeachtúlacht agus barainneacht an riaracháin san Oifig. Tá sé freagrach as an airgead a fhágtar faoi chúram na hOifige, as an úsáid a bhaintear as acmhainní na hOifige agus as na sócmhainní atá a gcoimeád ag an Oifig a rialú.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, is féidir leis an Ard-Stiúrthóir socruithe a chur i bhfeidhm chun cuidiú le hoibleagáidí rialachais a chomhlíonadh, mar sin féin, ní féidir leis cuntasacht a tharmligeán i ndáil leis na hoibleagáidí seo a leanas:

- Cuntais Leithreasa a ullmhú agus chur i láthair;
- Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais a chur ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste in éineacht leis na Cuntais Leithreasa Bhliantúla;
- Teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí;
- Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí a chur i bhfeidhm;

- Coiste Iniúcháireachta a chur ar bun.

## 2.3 An Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte

Tá freagracht fhoriomlán ar an bPríomh-Dhréachtóir maidir le bainistiú a dhéanamh ar obair Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas. Chun an ról seo a chomhlíonadh, leagann sí freagracht i ndáil le reachtaíocht a dhréachtú do Ranna Rialtas ar leith ar cheithre Ghrúpa ODP. Tá sí ina comhalta de Choiste Reachtaíochta an Rialtas. Is trí obair an Choiste sin a ndéantar monatóireacht ar phleanáil straitéiseach an ODP agus a ndéantar eolas di.

Freastalaíonn sí ar chruinnithe leis an Ard-Aighne agus le Bainisteoirí Grúpa ODP chun cumarsáid éifeachtach a chinntiú maidir le dul chun cinn i ndáil le dréachtú. Téann an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i ndlúthchomhairle leis an gCeannasaí Riaracháin i ndáil leis na Seirbhísí Corparáideacha OAA comhroinnte trína dtacaítear leis an ODP ina chuid oibre. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh riachtanas uirthi feidhmeanna eile a chur i gcrích thar ceann an Ard-Aighne.

## 2.4 Feidhmeanna a Shannadh

Faoi ailt 4 (1) agus 9 (2) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, tugtar cumhacht don Ard-Stiúrthóir freagracht a leagan ar oifigigh eile na hOifige maidir lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Oibríonn an tArd-Stiúrthóir agus an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i gcomhar lena chéile chun sannadh éifeachtach a chinntiú.

## 2.5 Feidhmeanna agus Freagrachtaí Rúnaithe Cúnta agus Príomh-Oifigigh

### 2.5.1 Abhcóidí Comhairleacha Grád 1 agus Dréachtóirí Parlaiminte

Glacann Abhcóidí Comhairleacha Grád I páirt ar an gCoiste Bainistíochta agus ar na fochoistí de sin. Tacaíonn siad leis an Ard-Stiúrthóir agus déanann siad cinnte go gcuireann an Oifig seirbhís dlí den scoth ar fáil ar aon dul lena misean.

Glacann Dréachtóirí Parlaiminte páirt ar an gCoiste Bainistíochta agus ar na fochoistí de sin. Tacaíonn siad leis an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus déanann siad cinnte de go gcuirtear seirbhís dréachtaithe den scoth ar fáil agus tuairiscíonn siad go díreach di.

Tá Abhcóidí Comhairleacha Grád I agus Dréachtóirí Parlaiminte rannpháirteach maidir leis an Ráiteas Straitéise, tuarascálacha ar dhul chun cinn, pleananna athnuachana agus pleananna gnó a ullmhú.

Déanann an dá dhream bainistiú ar Ghrúpa ball foirne ar a bhfuil siad i gceannas agus sannann siad freagrachtaí faoi leith. Déanann siad:

- Tuairisciú chuig an Ard-Stiúrthóir agus chuig an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte nuair is cuí.
- Feidhmíocht fhoriomlán a bhainistiú agus a stiúradh lena n-áirítear ceisteanna PMDS agus AD.
- Oibriú le baill foirne chun deiseanna foghlama agus forbartha a chur ar fáil agus a aithint.
- Acmhainní a leithdháileadh agus a úsáid ar bhealach cóir agus éifeachtúil lena n-áirítear baill foirne agus airgead.
- Cloí leis na hoibleagáidí ar fad, lena n-áirítear oibleagáidí airgeadais atá ábhartha don phost.
- Freagracht a ghlacadh as socrúithe tuairiscithe mar aon le comhairle a chur chun cinn atá bunaithe ar fhianaise, neodrach ó thaobh na polaitíochta de agus neamhchlaonta maidir le saincheisteanna bainistíochta agus eagraíochta.
- Páirt a ghlacadh maidir le bainistíocht riosca éifeachtach a chinntiú.
- Cur le hidirphlé idir Ranna Stáit agus páirtithe leasmhara ábhartha agus cruinnithe athbhreithnithe a thionól ó am go chéile maidir leis an tseirbhís dlí atá á cur ar fáil agus éilimh a d'fhéadfadh a bheith i gceist amach anseo.
- Beartais nó cinntí ábhartha a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cinntí an Rialtais agus teoracha an Ard-Aighne.
- Na haschuir a chinneann an tArd-Aighne, agus tArd-Stiúrthóir agus an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte a bhaint amach de réir mar is cuí.

## 2.5.2 An Ceannasaí Riaracháin

Tá an Ceannasaí Riaracháin ina príomhoifigeach ar a bhfuil freagracht fhoriomlán maidir le seirbhísí corparáideacha a chur ar fáil, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise, Airgeadas, Bainistiú Athruithe, Clárann agus Seirbhísí. Tacaíonn sí leis an Ard-Stiúthóir agus leis an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte lena chinntiú go mbaineann an Oifig a cuid aidhmeanna amach i ndáil le cúrsaí riaracháin. Glacann sí páirt ar an gCoiste Bainistíochta agus ar fhochoistí ábhartha.

## 2.6 An Comhairleoir Speisialta

Go bunúsach, is iad na ról agus dualgais atá ag Comhairleoir Speisialta an Ard-Aighne na ról agus dualgais chéanna atá ag na Comhairleoirí Speisialta do Chomhaltaí den Rialtas a dtugtar cur síos ina leith in alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Níl an Comhairleoir Speisialta ina chuid de chóras bainistíochta líne na hOifige agus freastalaíonn sé ar chruinnithe an Choiste Bainistíochta i gcáil breathnóra. Tá feidhm ag Cód Caighdeán agus lompair na Státseirbhíse ar an gComhairleoir Speisialta.

## 2.7 Ról Rialachais na Foirne ar fad

Chomh maith leis na ról rialachais ar leith a phléitear thuas, tá ról sonrath ag gach ball foirne eile maidir le dea-rialachas a chinntiú laistigh den Oifig. Lena chois sin, tá ról tábhachtach ag na baill foirne ar fad san Oifig maidir le gealltanais a thabhairt in éineacht i leith dea-rialachais na hOifige trí cheanglais an chreata seo, beartais na hOifige, ciorcláin agus fógraí na hOifige agus maidir le cloí le Cód Caighdeán agus lompair na Státseirbhíse le linn a gcuid dualgas a chur i gcrích.



## Caibidil 3

### Struchtúr Bhainistíochta

Cé gur pléadh ról agus freagrachtaí rialachais sa chaibidil roimhe seo, tá sé mar aidhm leis an gcaibidil seo an struchtúr agus socruithe bainistíochta atá i bhfeidhm a leagan amach, lena n-áirítear an Coiste Bainistíochta.

#### 3.1 Coiste Bainistíochta Oifig an Ard-Aighne

Oibríonn Coiste Bainistíochta na hOifige de réir na bprionsabal maidir le rannpháirtíocht chomhroinnte agus freagracht phearsanta i ndáil le rath oibríochta na hOifige ar fad trí thacaíocht a thabhairt don Ard-Aighne, don Ard-Stiúrthóir agus don Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte maidir lena gcuid feidhmeanna a chur i gcrích. Mar sin féin, tá freagracht fhoriomlán ar an Ard-Stiúrthóir, agus tá freagracht ar an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte as ceisteanna a bhaineann lena réimse féin.

Cuimsíonn an Coiste Bainistíochta an tArd-Stiúrthóir (Cathaoirleach), an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte, Abhcóidí Comhairleacha Grád I, Dréachtóirí Parlaiminte agus an Ceannasaí Riaracháin. Le go measfar na cruinnithe a bheith bailí ní mór córam de 1/3 nó ceithre chomhalta a bheith i láthair. Tionóltar deich gcruinniú ar an meán in aghaidh na bliana. Glactar miontuairiscí le linn cruinnithe.

Tá an Coiste ina fhóram feidhmiúcháin, beartais agus cumarsáide. Gníomhaíonn an Coiste mar fhoireann ceannasaíochta agus bainistíochta don Oifig i Sráid Mhuirfean. Tríd an gCoiste, cuirtear ceannasaíocht straitéiseach, treoir agus maoirseacht ar fáil maidir le spriocanna eagraíochtúla na hOifige a bhaint amach. Gníomhaíonn an Coiste Bainistíochta mar chomhlacht comhairliúcháin i gcás saincheisteanna móra bainistíochta na hOifige agus maidir le beartas nó ceisteanna oibríochta a chomhordú i gcás ina mbaineann siad le níos mó ná réimse amháin den Oifig.

Tá freagracht chomhroinnte ar chomhaltaí an Choiste gníomhú chun leasa na hOifige ina hiomláine agus ba chóir dóibh dearcadh níos leithne a ghlacadh maidir le saincheistean mar aon le ceistean a bhaineann go sonrach lena ndualgais féin. De ghnáth, is trí chomhaontú a bhaintear amach na cinntí a dhéantar ag an gCoiste Bainistíochta. Nuair nach féidir teacht ar chomhaontú trí bhíthin an Choiste Bhainistíochta, tá sé ina shaincheart ag an Ard-Stiúrthóir agus ag an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte maidir le ceistean a bhaineann lena réimse féin, cinneadh a dhéanamh i ndáil le ceist, nó an cheist sin a chur ar aghaidh chuig an Ard-Aighne lena breithniú.

Ní thagann ról an Choiste Bainistíochta in ionad na bhfreagrachtaí a leagtar ar chomhaltaí aonair faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 ach ba chóir go mbeadh sé ina thacaíocht maidir le bainistiú foriomlán éifeachtach na hOifige.

Ó am go chéile, ceapann an Coiste Bainistíochta fochoistí chun saincheistean a scrúdú agus a chur chun cinn nuair is cuí. Tuairiscíonn na fochoistí sin ar ais chuig an gCoiste Bainistíochta a d'fhéadfadh cinntí a dhéanamh de bhun breithniú a dhéanamh ar na tuairiscí a fhaightear.

### **3.1.1 An Ról Feidhmiúcháin agus Ceannasaíochta**

Is ar an gCoiste Bainistíochta atá an fhreagracht maidir le gach saincheist ardleibhéil tras-eagraíochta. Áirítear leis sin freagracht maidir leis na ráitis straitéise, pleananna gnó bliantúla, tuarascálacha bliantúla agus socruithe rialachais fhoriomlána a fhorbairt agus a bhaint amach ar bhonn leanúnach. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste straitéisí eagraíochtúla ar nós straitéisí TE agus AD a phlé agus a fhormheas mar aon le beartais inmheánacha ar nós beartais a bhaineann le Nochtadh Cosanta, Oiliúint & Forbairt etc.

### **3.1.2 An Ról Oibríochtúil agus Beartais Straitéise**

Déanann an Coiste éascaíocht ar chomhairle beartais agus oibríochtúil atá ar ardchaighdeán, comhordaithe agus tráthúil a chur ar fáil don Ard-Aighne maidir le ceistean straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar an Oifig trí úsáid a bhaint as a phróiseas um pleanáil gnó straitéiseach agus uirlisí faisnéise bainistíochta. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste cinneadh ar cé a

ghlacfaidh ceannaireacht maidir le comhairle dá leithéid a chur ar fáil maidir le saincheisteanna oibríochtúla leathana. Tá ról lárnach ag an gCoiste chun comhairle a chur ar fáil i ndáil le straitéis a chur le chéile agus athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis a chur i bhfeidhm.

### 3.1.3 An Ról Cumarsáide

Tá ról lárnach ag an gCoiste maidir le cumarsáid inmheánach éifeachtach a chur ar fáil. Nuair is cuí, déantar faisnéis a scaiptear ar an gCoiste a chur i gcúrsaíocht tríd an Oifig trí aonaid ghrúpa.

## 3.2 Coistí Bainistíochta Eile

Tá dhá choiste ardbhainistíochta ann ina nglacann OAA agus OPAS páirt araon. Tá an Príomhchoiste Comhairleach Bainistíochta ina chruinniú comhpháirteach idir an OAA (Sráid Mhuirfean) agus an OPAS ina bpléitear saincheisteanna bainistíochta agus eagraíochtúla atá ag an dá Oifig i gcoitinne gach ceithre mhí.

Tionóltar an Coiste Comhairleach Bainistíochta Dlí trí huair in aghaidh na bliana. Cuimsíonn sé na rannpháirtithe céanna ón dá Oifig seachas na Ceannasaithe Riaracháin agus freastalaíonn an tArd-Aighne air freisin. Tionóltar an cruinniú chun saincheisteanna dlí ar leith agus dlíthíocht íogair a phlé d'fhonn críoch a chur le tuarascálacha don Rialtas maidir le cásanna íogaire agus bunreachtúla i ndiaidh dul i gcomhairle leis na Ranna Stáit ar fad.

## 3.3 Ról Trasearnála

Déanann líon ball foirne ionadaíocht ar an Oifig ar ghrúpaí éagsúla idir-rannacha chun comhairle dlí a chur ar fáil nó chun tacú le hobair Ranna Stáit.

Chomh maith leis sin, glacann an Oifig páirt i líon fóram agus grúpaí oibre idir-rannacha ina dtéitear i ngleic le tionscnaimh lárnacha Státseirbhíse a mbaineann gné riaracháin leo (AD, airgeadas agus athchóiriú na státseirbhíse, mar shampla).

## Caibidil 4

### Socruithe maidir le hIniúchadh, Dearbhú agus Comhlíonadh

Leagtar amach sa Chaibidil seo an chaoi a ndéanann an Oifig riosca a bhainistiú trína próisis maidir le hiniúchadh, dearbhú agus comhlíonadh a rialú.

#### 4.1 An tOifigeach Cuntasaíochta

Ag deireadh gach bliana airgeadais, éilítear ar an Oifig tuairisc a dhéanamh ar chaiteachas trí bhíthin Cuntais Leithreasa a chuirtear ar aghaidh chuig Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena athbhreithniú agus a iniúchadh. Ní mór an Cuntas seo a sheachadadh faoin 31 Márta sa bhliain i ndiaidh bhliain an chuntais. Cuirtear an Cuntas ar aghaidh chuig Coiste um Chuntais Phoiblí an Oireachtais lena athbhreithniú agus d'fhéadfaí iarraidh ar an Oifig a bheith i láthair ag an gcoiste sin chun aon cheisteanna a thagann chun cinn a phlé agus freagra a thabhairt ina leith.

Is é an Ráiteas bliantúil faoi Rialú Inmheánach Airgeadais an bealach ina ndearbhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta a chur chuige, agus a fhreagracht, i leith bainistíocht riosca agus an timpeallacht rialaithe inmheánaigh laistigh den Oifig. Déantar aon laigí sa chóras rialaithe inmheánaigh laistigh den eagraíocht a thagann chun cinn le linn na bliana i gceist a aithint sa Ráiteas freisin. Gach bliain, cuireann an tOifigeach Cuntasaíochta Ráiteas sínithe faoin Rialú Inmheánach Airgeadais ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste in éineacht leis an gCuntas Leithreasa Bliantúil.

#### 4.2 Socruithe maidir le Dearbhú Bainistíochta

Cuirtear leis na socruithe dearbhaithe atá mar bhonn agus mar thaca ag an Ráiteas bliantúil faoin Rialú Inmheánach Airgeadais a dhéanann an tArd-Stiúrthóir don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste trí bhíthin meicníochtaí dearbhaithe eile ar nós litreacha dearbhaithe i ndáil le

hacmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla. Déanann an tArd-Stiúrthóir, an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus an Coiste Bainistíochta maoirseacht ar na socruithe rialachais chorparáidigh i dteannta a chéile maidir le bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha laistigh den Oifig.

Déanann an tArd-Stiúrthóir, an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus an Coiste Bainistíochta maoirseacht ar na beartais agus nósanna imeachta trína rialaítear na seirbhís dlí a chuireann an Oifig ar fáil dá cliant. Áirítear leis na beartais agus nósanna sin prótacail atá ina léiriú ar phrionsabail um bainistíocht riosca de réir mar a bhaineann siad le rúndacht orduithe cliant, pribhléid dhlíthiúil, na prótacail atá bunaithe ag an Ard-Aighne agus an córas bainistithe cásanna agus prótacail ICT atá i bhfeidhm san Oifig a bhfuil sé mar aidhm leo rúndacht na faisnéise trína gcuireann an Oifig a seirbhísí dlí ar fáil a chinntiú.

### **4.3 Iniúchadh an Choiste Bainistíochta**

Mar phrionsabal ginearálta, tá sé de fhreagracht ar bhainisteoirí agus ar bhaill foirne araon rioscaí a aithint agus a bhainistiú a bhaineann le cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach de réir na mbeartais agus na bpróiseas atá forbartha ag an Oifig. Tá sé de fhreagracht i gcónaí ar an gCeann Aonaid ábhartha riosca a bhainistiú ag leibhéal an Aonaid. Is éard atá i gceist leis sin rioscaí a aithint agus a chinntiú go gcuirtear iad san áireamh i gClár Riosca an OAA, bearta maolaitheacha a aithint agus a dhéanamh agus monatóireacht agus tuairisciú leanúnach a dhéanamh ar fhorbairtí i ndáil le rioscaí.

Déantar iniúchadh ar bhonn míosúil ar na ráitis airgeadais mar bhuanmhír ar chlár cruinnithe ag cruinnithe an Choiste Bainistíochta agus gach bliain, cuirtear dréacht-bhuiséad an OAA don chéad bhliain eile os comhair an Choiste lena fhormheas.

Chomh maith leis sin, tá riosca ina bhuanmhír ar chlár cruinnithe ag cruinniú an Choiste Bainistíochta. Tuairiscíonn an duine sinsearach ar a bhfuil freagracht maidir le riosca chuig an gCoiste ar bhonn rialta agus déantar aon chaingne a eascraíonn as sin a leithdháileadh i gcomhair aire de réir mar is cuí. Chomh maith leis sin, cuirtear miontuairiscí an Choiste Iniúchta faoi bhráid an Choiste Bainistíochta lena mbreithniú.

## 4.4 Soláthar Rialtais

Seasann an Oifig le socruithe dearbhaithe idir an Oifigeach Cuntasaíochta agus an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le seirbhísí agus earraí comhroinnte a sholáthar. Tá Oifigeach Soláthair ag an Oifig atá freagrach as cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus teimpléid soláthair na hOifige dlí an AE agus Treoirlínte Náisiúnta. Tá sé mar chuid dá ról freisin tacaíocht agus comhairle maidir le beartas agus oibríocht a chur ar fáil de réir mar a iarrann baill foirne agus a chinntiú go bhfuil soláthar ag comhlíonadh dlí an AE agus Treoirlínte Náisiúnta.

## 4.5 An Comhchoiste um Bainistíocht Riosca

Tá Comhchoiste um Bainistíocht Riosca ann don OAA agus don OPAS araon. Cuimsíonn an Coiste ionadaithe sinsearacha ó na réimsí um dhlí agus um sheirbhís chorparáideach sa dá Oifig. Tionóltar cruinnithe den Chomhchoiste um Bainistíocht Riosca ar bhonn rialta agus tá freagracht ar an gComhchoiste as:

- An beartas agus treoir maidir le bainistíocht riosca a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a chothabháil agus a athbhreithniú go tréimhsiúil;
- Feasacht a ardú ar bhainistíocht riosca ag leibhéal straitéiseacha agus oibríochta;
- Oideachas agus oiliúint a chur ar fáil maidir le bainistíocht riosca laistigh de gach uile Oifig;
- Próisis i ndáil le bainistíocht riosca a leagan amach agus a athbhreithniú;
- Comhairle agus treoir bheartais a chur ar fáil maidir le rioscaí agus rialuithe; agus
- Na próisis bainistíochta riosca éagsúla a chomhordú lena n-áirítear athbhreithnithe leathbhliantúla a dhéanamh ar na Cláir Rioscaí.

Tuairiscíonn an Coiste chuig Boird/Coistí Bainistíochta áitiúla, an MAC príomha agus an Coiste Iniúchóireachta trí na sinsir atá freagrach as riosca san OAA agus sa OPAS faoi seach.

## 4.6 An Comhbheartas um Bainistíocht Riosca

Tá Comhbheartas um Bainistíocht Riosca ann don OAA agus don OPAS ina leagtar amach an cur chuige maidir le bainistíocht riosca don dá Oifig.

Is iad cuspóirí an bheartais um bainistíocht riosca:

- Bainistíocht riosca a chomhtháthú le cultúr na heagraíochta;
- Rioscaí a bhainistiú i gcomhréir leis an dea-chleachtas;
- Riachtanais shóisialta, chomhshaoil, reachtacha, pholaitíochta, gheilleagracha, teicneolaíochta, iomaíochta agus chustaiméara athraitheacha a réamh-mheas agus gníomhú ina leith.
- Cosc a chur le díobháil, damáiste agus cailleanais agus an costas a bhaineann le riosca a laghdú;
- Feasacht a ardú ar an ngá atá le bainistíocht riosca dóibhsean a bhfuil baint acu le seirbhísí a chur ar fáil.

### 4.6.1 An Clár Rioscaí

Tá Clár Rioscaí ar leith ag an OAA agus ag an OPAS. Leagtar amach sna Cláir na príomhrioscaí a aithnítear, an dóchúlacht go dtarlóidh siad i bhfianaise na maoluithe atá i bhfeidhm agus an leibhéal tionchair a imreoidh siad ar chuspóirí na hOifige a bhaint amach i gcás go dtiocfadh siad chun cinn. Déantar an Clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Cuimsíonn an próiseas athbhreithnithe líon céimeanna maidir le húinéirí riosca, an Coiste um Bainistíocht Riosca, an Coiste Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta.

### 4.6.2 Freagracht i ndáil le Bainistíocht Riosca

Foráiltear sa Chomhbheartas um Bainistíocht Riosca go bhfuil freagracht ar an gCoiste Bainistíochta córas rialaithe inmheánaigh iontaofa a bhunú agus a chothabháil chun tacú le spriocanna an Ráitis Straitéise a bhaint amach agus riosca a bhainistiú san Oifig.



Luaitear ann freisin go bhfuil baint ag gach ball foirne san Oifig le riosca a bhainistiú trí:

- Feasacht a choinneáil maidir leis na cineálacha rioscaí atá ann ina gcuid oibre ó lá go lá agus rioscaí ina réimse oibre féin a aithint agus a chur in iúl don bhainistíocht;
- Cinnte a dhéanamh de go gcuireann siad rialuithe agus maoluithe aitheanta i bhfeidhm i ndáil le rioscaí a aithnítear ina réimse oibre;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta a chruthaítear chun na rioscaí sin a aithnítear a mhaolú;
- An bhainistíocht a chur ar an eolas i gcás go dtagann bagairt chun cinn;
- A bheith freagrúil i leith gné athraitheach na rioscaí atá roimh an eagraíocht.

## 4.7 Iniúchadh Inmheánach

Tá freagracht i gceist leis an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh, a seachfhóinsíodh chuig tríú páirtí, as dearbhú/tuairim neamhspleách a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus éifeachtacht rialuithe agus próiseas na hOifige. Ullmhaítear sceideal bliantúil iniúchtaí atá le cur i gcrích gach bliain i gcomhairle leis an gCoiste Iniúcháireachta.

## 4.8 An Coiste Iniúcháireachta

Tá an Coiste Iniúcháireachta ina chuid den athbhreithniú leanúnach córasach a dhéantar ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais laistigh den Oifig. Is é an ról atá aige, a leagtar amach i gCairt an Choiste Iniúcháireachta, maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh agus comhairle neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta i ndáil le hoiriúnacht agus láidreacht chórais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánacha na hOifige.

Cuimsíonn an Coiste Cathaoirleach neamhspleách seachtrach, beirt chomhaltaí seachtracha eile ar a laghad a bhfuil saineolas cuí acu agus ionadaí amháin Bord/Coiste Bainistíochta amháin ón OAA agus ó OPAS araon. Tá ceann de na hionadaithe seachtracha ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta i láthair na huaire. Chomh maith leis sin, suíonn beirt ionadaithe ón mBord/Coiste Bainistíochta ar an gCoiste agus ar an gComhchoiste um

Bainistíocht Riosca na hOifige faoi láthair agus tá freagracht shinsearach orthu ina n-eagraíochtaí faoi seach maidir le bainistíocht riosca agus dearbhú riosca. Freastalaíonn an tArd-Stiúrthóir ar chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta. Déantar athbhreithniú go tréimhsiúil ar chomhaltas an Choiste.

Cuireann comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta ráiteas ar leasanna ar fáil ar bhonn bliantúil. Tá an Coiste neamhspleách maidir lena dhualgais agus freagrachtaí a chomhlíonadh agus níl sé faoi réir ordú ná rialú ó aon pháirtí eile maidir lena dhualgais a fheidhmiú.

Freastalaíonn an tIniúcháir Inmheánach ar chruinnithe ráithiúla an Choiste Iniúcháireachta. Tá sé d'údarás ag an gCoiste iarraidh ar bhainisteoirí agus ionadaithe ó chomhlachtaí ábhartha eile freastal ar chruinnithe dé réir mar a mheastar a bheith riachtanach. Coinníonn an Coiste ról na feidhme Iniúchta Inmheánaigh faoi athbhreithniú. Freastalaíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar chruinniú amháin ar a laghad in aghaidh na bliana de ghnáth chun iniúchadh an Chuntais Leithreasa bhliantúil a phlé.

## **4.9 Ráiteas Dearbhaithe**

Chomh maith le dearbhú bainistíochta (ardbhainisteoirí agus an Coiste Bainistíochta) agus dearbhú rialuithe (Coiste Iniúcháireachta Inmheánaigh, Coiste Bainistíochta Riosca OAA-OPAS, Coiste Iniúcháireachta) de réir mar atá leagtha amach sa chaibidil seo, foráiltear i mBeartas Bainistíochta Riosca an OAA do ráitis dearbhaithe tréimhsiúla ó ardbhainisteoirí in aghaidh na rioscaí a ndírítear aird orthu i gClár Rioscaí na hOifige. Tríothu sin in éineacht, cuirtear tuairim ar fáil maidir le próisis rialachais chorparáidigh, próisis bhainistíochta riosca agus próisis rialaithe inmheánacha na nOifigí.

## **4.10 Bearta a rinneadh chun Éifeachtúlacht a Chinntiú agus a Choinneáil**

Tá na bearta ar leith a leanas i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar obair na hOifige a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus d'fhonn riosca a laghdú:

- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar obair an Abhcóide Chomhairligh trí chruinnithe Grúpa seachtainiúla agus trí chóras foirmiúil de thimthriallacha athbhreithnithe ocht seachtaine.
- Leanúint de thús áite a thabhairt d'obair an ODP agus de rianú córasach agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi trí chruinnithe Grúpa rialta agus trí chruinnithe Choiste Reachtaíochta an Rialtais.
- Cruinnithe athbhreithnithe démhíosúla le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an OPAS maidir le cásanna bunreachtúla i réimse an dlí choiriúil.
- Cruinnithe seachtainiúla idir an tArd-Aighne, an Príomh-Aturnae Stáit agus Cinn Aonaid chun ceisteanna a bhfuil tábhacht ghinearálta ag baint leo a phlé lena n-áirítear saincheisteanna ginearálta maidir le riosca.
- Cruinnithe ráithiúla le Ranna Stáit, An Garda Síochána agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir le heiseachadadh/Barántas Gabhála Eorpach.
- Dlúthchaidreamh a choimeád leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát maidir le dlíthíocht a bhainistiú.
- Comhoibriú agus cruinnithe athbhreithnithe rialta idir baill foirne dlí san Oifig agus oifigigh Roinne chun straitéisí dlí cuí a cheapadh lena chinntiú go bhfuil bainistiú éifeachtach leanúnach á dhéanamh ar dhlíthíocht intíre agus ar dhlíthíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE).
- Cruinnithe míosúla na mBord/Coistí Bainistíochta a thionól in Oifig an Ard-Aighne agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, trí chruinniú MAC Oifig an Ard-Aighne/Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit go bliantúil chun forbairtí eagraíochta a phlé. Le linn COVID-19, tháinig méadú suntasach i minicíocht na gcruinnithe MAC Príomha lena chinntiú go bhfuil bearta oiriúnacha i bhfeidhm le linn na héigeandála.
- I bhfianaise socruithe oibre nua mar gheall ar COVID-19, tionóltar cruinnithe démhíosúla de Choiste Bainistíochta Dlí Mhuirfean.
- Tuarascálacha luathrabhaidh a chur ar fáil don Rialtas ar bhonn coicíse maidir le cásanna a bhfuil íogaireacht pholaitiúil, dhlíthiúil nó bhunreachtúil ar leith ag baint leo.
- Tionóltar cruinnithe den MAC dlíthiúil, a bhfreastalaíonn an tArd-Aighne agus ionadaithe Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit orthu, trí huaire in aghaidh na bliana chun saincheisteanna dlí ar leith agus dlíthíocht íogair a phlé d'fhonn críoch a chur le tuarascálacha don Rialtas maidir le cásanna íogaire agus bunreachtúla i ndiaidh dul i gcomhairle leis na Ranna Stáit ar fad.

## 4.11 An Creat maidir le Comhlíonadh

Tá ar an Oifig réimse forálacha reachtaíochta coitianta a chomhlíonadh, mar shampla, reachtaíocht eitice, dlí fostaíochta, reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta, reachtaíocht cánach agus airgeadais, saoráil faisnéise agus cosaint sonraí. Is ar an aonad gnó ábhartha atá an fhreagracht go príomha maidir leis na forálacha seo a chomhlíonadh (e.g. Acmhainní Daonna, Airgeadas etc.) agus leagtar amach na hoibleagáidí atá ar bhainistíocht agus ar bhaill foirne de réir mar is gá i mbeartais agus nósanna imeachta na hOifige.

Chomh maith leis sin, tá dualgas ar an Oifig cloí le hoibleagáidí neamhrechtúla, mar shampla, cinní Rialtais, ciorcláin na Státseirbhíse agus tionscnaimh bheartais lárnacha agus arís, is ar an aonad gnó ábhartha atá an fhreagracht maidir leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

Feidhmíonn Creat um Chomhlíonadh na hOifige mar chumasc idir nósanna imeachta agus próisis bheartais, oibríochta agus rialaithe a liostaítear sa doiciméad seo maidir le Rialachas Corparáideach agus ceanglais comhlíonta a aithnítear sa Chlár Rioscaí, a ndéantar athbhreithniú air ar bhonn leathbhliantúil.

Tá córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun a cuid oibleagáidí a bhaint amach, bíodh siad sin ina gceanglais reachtúla nó ina n-oibleagáidí neamhrechtúla atá ar eagraíochtaí na Státseirbhíse. Tabharfaidh an Oifig le chéile i ndoiciméad ar leith i ndáil leis an gCreat um Chomhlíonadh, faisnéis maidir leis an réimse de phríomhcheanglais comhlíonta a bhfuil sé de dhualgas uirthi cloí leo, mar phointe thagartha amháin.

## 4.12 An Fheidhm Bainistíochta Airgeadais Inmheánaí

Is é ról an Aonaid Airgeadais cúnamh a thabhairt maidir le bainistíocht fhoriomlán a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na hOifige. Áirítear leis sin córas tamligin airgeadais a leabú, dualgais agus cuntasáíocht a leithscaradh agus caiteachas in aghaidh buiséid chomhaontaithe a mhonatóiriú, a anailísiú agus a thuairisciú. Tá freagracht ar an Aonad cuntais a ullmhú ag deireadh gach bliana lena n-íniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

## 4.12.1 Rialachas agus Maoirseacht Sheachtrach a dhéanamh ar Chúrsaí Airgid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí

Cuireann an Oifig deontas ar fáil chun an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a mhaoiniú. Comhlacht reachtúil neamhspleách is ea an Coimisiún agus cé nach bhfuil ról ag an Oifig maidir le hobair an Choimisiúin a mhaoirsiú ná a threorú ar bhonn laethúil, déanann sé maoirseacht ar an maoiniú a leithdháiltear air. Ní mór don Choimisiún ráiteas a chur faoi bhráid na hOifige ar bhonn míosúil maidir leis an úsáid a baineadh as maoiniú sa mhí roimhe, an maoiniú reatha atá aige agus na pleananna atá ann i ndáil le caiteachas don mhí atá le teacht. Ar an mbunús sin, is féidir leis an Oifig iarratais ar mhaoiniú a mheas agus maoiniú a scaoileadh de réir mar is cuí.

Tá an Coimisiún faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus is féidir é a chur san áireamh ar sceideal iniúchta inmheánaigh an OAA. Cuirtear gach tuarascáil iniúchóra faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta an OAA agus freastalaíonn ionadaithe ón gCoimisiún ar chruinnithe Coiste chun aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag comhaltaí an Choiste a fhreagairt. Féach Caibidil 5, lch. 28 freisin maidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí.

## Caibidil 5

### An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

#### 5.1 Cúlra

Is comhlacht neamhspleách atá sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí a bunaíodh faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975. Tá cúigear comhaltaí sa Choimisiún – an tUachtarán, an Coimisinéir lánaimseartha agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha. Is é ról an Choimisiúin an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú, moltaí ar athchóiriú a dhéanamh i ndiaidh taighde mionsonraithe a chur i gcrích, go háirithe trí mholadh a thabhairt maidir le reachtaíocht a achtú chun an dlí a shoiléiriú agus a nuachóiriú, agus dlí reatha a chur ar fáil do chách, lena n-áirítear trí rochtain a chur ar fáil ar líne ar reachtaíocht ina staid reatha – arna leasú in ionad arna achtú.

Cuirtear ról taighde dlí an Choimisiúin i gcrích go príomha faoi Chlár um Athchóiriú Dlí. Chomh maith leis sin, oibríonn an Coimisiún ar cheisteanna áirithe nuair a iarrann an tArd-Aighne air sin a dhéanamh faoin Acht 1975. Cheadaigh an Rialtas an Cúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí i mí Márta 2019, a d'ullmhaigh an Coimisiún i ndiaidh comhairliúcháin agus plé leathan, agus cuireadh é os comhair dhá Theach an Oireachtais. Tá an Clár seo, mar aon le hiarrataí ón Ard-Aighne agus mar aon lena chuid oibre faoin gCeathrú Clár a chur i gcrích, ina phríomhbhunús d'obair an Choimisiúin le blianta beaga anuas agus do na blianta atá le teacht.

Ón tráth a bunaíodh an Coimisiún, tá níos mó ná 220 doiciméad foilsithe ina bhfuil anailís mhionsonraithe maidir leis an dlí chomh maith le moltaí maidir le hathchóiriú an dlí, atá ar fad ar fáil ar a [láithreán gréasáin](#) agus bhí tionchar ag thart ar 70% díobh sin ar ábhar na reachtaíochta athchóirithe atá achtaithe ag an Oireachtas.

Chomh maith leis sin, tá ról ag an gCoimisiún maidir le rochtain ar reachtaíocht a fheabhsú trí; an tEolaire Reachtaíochta a chothabháil (innéacs barrthábhachtach ina rianaítear faisnéis

tosaithe agus leasuithe a dhéantar ar reachtaíocht, le hinnéacsanna forlíontacha freisin, atá ina chuid chomhtháite den eISB, ina bhfuil iontrálacha ar leith ón mbliain 2020 i leith gach Acht den Oireachtas a achtaíodh ón mbliain 1922, ina gcuimsítear níos mó ná 3,000 Acht); an líon Achtanna Athbhreithnithe atá ag méadú a ullmhú agus a chothabháil, is iad sin, Achtanna ina staid leasaithe seachas sa staid inar achtaíodh iad (sa bhliain 2020, níos mó ná 400 Acht Athbhreithnithe, atá ar fáil trí nasc ó gach aon Acht dá leithéid ar an eISB chuig láithreán gréasáin an Choimisiúin); an Liosta Aicmithe d'Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla atá i bhFeidhm a fhorbairt agus a chothabháil (ón mbliain 2020 i leith, ina gcuimsítear bunachar sonraí téacs iomlán inchuadaithe maidir le gach Acht den Oireachtas atá i bhfeidhm (níos mó ná 2,000) agus gach Ionstraim Reachtúil atá i bhfeidhm (níos mó ná 15,000) atá eagraithe faoi 36 ceannteideal ábhair, agus atá ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin); agus an Tionscadal um Athchóiriú an Dlí Reachtúil a bhaineann le hionstraimí Reachtúla roimh an mbliain 1922 a chur i gcrích (le tacaíocht ó Oifig an Ard-Aighne).

## 5.2 Maoiniú agus Rialú

Faigheann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí maoiniú Státchiste trí bhíthin deontais a íoctar trí Vóta an OAA. Dá bharr sin, cuirtear na prionsabail agus nósanna imeachta de réir mar atá leagtha amach i gCiorclán 13/2014, Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státchiste, i bhfeidhm ar bhealach atá fóinteach agus éifeachtach maidir le híocaíochtaí deontais a dhéantar chuig an gCoimisiún.

De réir mar atá leagtha amach in 4.12.1 thuas, tá socrú réamh-mhaoinithe i bhfeidhm ag an OAA leis an gCoimisiún ina gcuireann Ceann Riaracháin an Choimisiúin iarrataí ar dheontas i scríbhinn chuig an Oifig ar bhonn míosúil atá tacaíthe le doiciméid tacaíochta mionsonraithe agus tuarascálacha airgeadais. Leagtar amach go mionsonrach san iarratas riachtanais airgid réamh-mheasta an Choimisiúin don chéad mhí eile agus tugtar míniú mionsonraithe ar an úsáid a baineadh as maoiniú na míosa roimhe sin. Déantar mionscrúdú ar an iarratas in Aonad Airgeadais an OAA sula gcuirtear é faoi bhráid an Ard-Stiúrthóir chun formheas críochnaitheach a dhéanamh air.



### 5.3 Iniúchadh

Tá an Coimisiún faoi réir iniúchtaí ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ó Iniúcháirí Inmheánacha araon atá fostaithe ag an OAA.

### 5.4 An Coiste Iniúcháireachta

Chomh maith leis sin, déanann Coiste Iniúcháireachta an OAA/OPAS maoirseacht ar chúrsaí airgid agus próisis an Choimisiúin. Déanann sé athbhreithniú ar na tuarascálacha maidir leis na hiniúchtaí ar fad a dhéantar ar an gCoimisiún agus tagann ionadaithe an Choimisiúin os comhair an Choiste Iniúcháireachta uair amháin sa bhliain ar a laghad.

### 5.5 Comhaontú Seirbhíse

Tá Comhaontú Seirbhíse idir an OAA agus an Coimisiún maidir le maoiniú a bheith á tharraingt anuas ag an gCoimisiún.

### 5.6 Ceapacháin

Is é an Rialtas a dhéanann ceapacháin chuig an gCoimisiún um Athchóiriú an Dí.

Oifig an Ard-Aighne

Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath D02 R583

Teileafón (+353) 1 631 4000

Facs (+353) 1 676 1806

*Malartán Doiciméad DX: DX7 Dublin*

*Ríomhphost: [eolas@ag.irlgov.ie](mailto:eolas@ag.irlgov.ie)*

*[www.attorneygeneral.ie/index\\_ga.html](http://www.attorneygeneral.ie/index_ga.html)*